Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2026/73

8.1.2026

# RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2026/73 ÓN gCOIMISIÚN

**an 4 Iúil 2025**

**lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2178 a mhéid a bhaineann le hábhar agus cur i láthair na faisnéise atá le nochtadh maidir le gníomhaíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a shimpliú agus Rialacháin Tharmligthe (AE) 2021/2139 agus (AE) 2023/2486 a mhéid a bhaineann le critéir scagtha theicniúla áirithe chun a chinneadh cé acu a dhéantar nó nach ndéantar dochar suntasach le gníomhaíochtaí eacnamaíocha do chuspóirí comhshaoil a shimpliú**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 ([1]), agus go háirithe Airteagail 8(4), 10(3), 11(3), 12(2), 13(2), 14(2) agus 15(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2178 ón gCoimisiún ([2]) sonraítear ábhar agus cur i láthair na faisnéise nach mór do ghnóthais neamhairgeadais agus airgeadais, atá faoi réir oibleagáide faisnéis inbhuanaitheachta a fhoilsiú de bhun Airteagal 19a nó Airteagal 29a de Threoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), a nochtadh ina dtuarascáil bhainistíochta de bhun Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2020/852. Déantar amhlaidh le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2178 trí na critéir scagtha theicniúla maidir le gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a leagtar síos i Rialacháin Tarmligthe (AE) 2021/2139 ([4]) agus (AE) 2023/2486 ([5]) ón gCoimisiún a aistriú ina n-eochairtháscairí feidhmíochta (KPInna) cainníochtúla. Leis na KPInna sin, léirítear cé acu a bhaineann nó nach mbaineann, agus a mhéid a bhaineann, gníomhaíochtaí na ngnóthas sin le gníomhaíochtaí eacnamaíocha den sórt sin atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, agus dá bhrí sin cuidítear le hinfheisteoirí agus leis an bpobal tuiscint a chur ar fheidhmíocht chomhshaoil na ngnóthas sin i ndáil le gníomhaíochtaí a chumhdaítear le Rialachán (AE) 2020/852, agus Rialacháin Tarmligthe (AE) 2021/2139, agus (AE) 2023/2486 (dá ngairtear le chéile 'an Tacsanomaíocht' anseo feasta) agus a gconairí i dtreo a ngníomhaíochtaí a ailíniú leis na critéir Thacsanomaíochta, rud a éascaíonn dá réir sin maoiniú gníomhaíochtaí agus tionscadal atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. Dá bhrí sin, le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2178, cuirtear le trédhearcacht an mhargaidh agus cuidítear le glas-snasú a chosc trí infheisteoirí a chur ar an eolas faoi fheidhmíocht chomhshaoil gnóthais.

([1]) IO L 198, 22.6.2020, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/852/oj.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2178 ón gCoimisiún an 6 Iúil 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí ábhar agus cur i láthair na faisnéise le nochtadh ag gnóthais faoi réir Airteagail 19a nó 29a de Threoir 2013/34/AE a bhaineann le gníomhaíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, agus ina sonraítear an mhodheolaíocht chun an oibleagáid nochta sin a chomhlíonadh (IO L 443, 10.12.2021, lch. 9, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2021/2178/oj).

([3]) Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir leis ráitis airgeadais bhliantúla, ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascálacha gaolmhara cineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 78/660/CEE agus 83/349/CEE ón gComhairle (IO L 182, 29.6.2013, lch. 19, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2013/34/oj).

([4]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2139 ón gCoimisiún an 4 Meitheamh 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí na critéir scagtha theicniúla a bhunú chun na coinníollacha a chinneadh faoina bhfuil gníomhaíocht eacnamaíoch cáilithe mar rannchuidiú substaintiúil le maolú ar an athrú aeráide nó le hoiriúnú don athrú aeráide agus chun a chinneadh cé acu a dhéantar nó nach ndéantar dochar suntasach leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch sin d'aon cheann de na cuspóirí comhshaoil eile (IO L 442, 9.12.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2021/2139/oj).

([5]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2486 ón gCoimisiún an 27 Meitheamh 2023 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí na critéir scagtha theicniúla a bhunú chun na coinníollacha a chinneadh faoina bhfuil gníomhaíocht eacnamaíoch cáilithe mar rannchuidiú substaintiúil le húsáid inbhuanaithe agus cosaint uisce agus acmhainní muirí, leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach, le cosc agus rialú ar thruailliú nó leis an mbithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athbhunú, agus chun a chinneadh cé acu a dhéantar nó nach ndéantar dochar suntasach leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch sin d'aon cheann de na cuspóirí comhshaoil eile agus lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2178 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le nochtadh poiblí sonrach maidir leis na gníomhaíochtaí eacnamaíocha sin (IO L 2023/2486, 21.11.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2023/2486/oj).

(2) Thosaigh gnóthais neamhairgeadais ag tuairisciú a gcuid KPInna faoi Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2178 ón 1 Eanáir 2023 agus thosaigh gnóthais airgeadais ón 1 Eanáir 2024. Idir an chéad bhliain agus an dara bliain den tuairisciú a rinne gnóthais neamhairgeadais, tháinig méadú mór ar luach an láimhdeachais agus an chaiteachais chaipitiúil a bhaineann le gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de.

(3) D'ainneoin ghlacadh na Tacsanomaíochta, léiríonn an t-aiseolas agus an taithí tuairiscithe charntha atá ag gnóthais neamhairgeadais agus airgeadais araon gur cheart ábhar agus cur i láthair na faisnéise atá le nochtadh i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2178 a shimpliú agus a fheabhsú chun ualaí tuairiscithe míchuí agus tuairisciú dúblach a laghdú. Le simpliú agus feabhsú den sórt sin, áfach, níor cheart deireadh a chur leis na heilimintí fíor-riachtanacha a bhaineann leis an méid a bhaineann gníomhaíochtaí na ngnóthas tuairiscithe le gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. Le simpliú agus feabhsú den sórt sin, ba cheart faoiseamh inbhraite agus láithreach a thabhairt do na gnóthais tuairiscithe maidir lena dtuairisciú a dhéanfar in 2026.

(4) Chun ualaí tuairiscithe gnóthas neamhairgeadais a laghdú, i bhfianaise phrionsabal na comhréireachta, ba cheart do na gnóthais sin a bheith in ann a roghnú gan measúnú a dhéanamh ar chomhlíontacht gníomhaíochtaí eacnamaíocha leis na critéir scagtha theicniúla a leagtar amach i Rialacháin Tarmligthe (AE) 2021/2139 agus (AE) 2023/2486 i gcás nach bhfuil na gníomhaíochtaí sin ábhartha ó thaobh airgeadais de dá ngnó. Ar an gcaoi chéanna, ba cheart do ghnóthais airgeadais a bheith in ann a roghnú gan measúnú a dhéanamh ar chomhlíontacht leis na critéir scagtha theicniúla a leagtar amach i Rialacháin Tarmligthe (AE) 2021/2139 agus (AE) 2023/2486 maidir lena neamhchosaintí lena maoinítear gníomhaíochtaí eacnamaíocha sonracha nó sócmhainní a gcuid contrapháirtithe i gcás nach bhfuil na neamhchosaintí sin ábhartha ó thaobh airgeadais de. I gcás ina bhfuil sé de chuspóir ginearálta ag gníomhaíochtaí gnóthas airgeadais gníomhaíochtaí uile a gcontrapháirtithe a mhaoiniú, ba cheart do na gnóthais airgeadais gníomhaíochtaí neamhábhartha na gcontrapháirtithe sin a chur san áireamh agus a ngníomhaíochtaí airgeadais neamhábhartha faoi seach á ríomh acu.

(5) Chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú, is gá tairseach a shonrú le haghaidh gníomhaíocht eacnamaíoch, sócmhainn nó ioncam ar faoina bun a mheastar nach bhfuil siad ábhartha ó thaobh airgeadais de chun críocha oibleagáidí trédhearcachta faoi Rialachán (AE) 2020/852.

(6) Tá sé tábhachtach forbhreathnú a thabhairt d'infheisteoirí agus don phobal ar na gníomhaíochtaí a mheastar a bheith neamhábhartha le haghaidh gach KPI Ina theannta sin, ba cheart a sheachaint go mbaintear gníomhaíochtaí neamhábhartha ón ainmneoir sna KPInna ábhartha, nó laistigh de na gníomhaíochtaí neamhábhartha, go n-áireodh gnóthais gníomhaíochtaí atá díobhálach d'aon ghnó a dhéanfadh an tuairisciú a shaobhadh agus a bheadh contrártha do na cuspóirí atá mar bhonn taca le Rialachán (AE) 2020/852. Dá bhrí sin, ba cheart do ghnóthais neamhairgeadais agus airgeadais gníomhaíochtaí neamhábhartha ar leibhéil chomhiomlánaithe agus aonair a thuairisciú ar leithligh. San fhaisnéis a bhaineann leis an gcomhthéacs lena sainmhínítear na teimpléid, ba cheart do ghnóthais earnáil na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha a mheastar a bheith neamhábhartha a lua go soiléir ar an leibhéal aonair chun trédhearcacht maidir leis na gníomhaíochtaí sin a áirithiú. Chun an méid sin a dhéanamh, féadfaidh gnóthais tuairiscithe úsáid a bhaint as aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha san Aontas Eorpach (NACE) a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]).

(7) I bhfianaise an togra ([7]) ón gCoimisiún le haghaidh Treoir lena leasaítear Treoir 2013/34/AE chun a áirithiú go leanfaidh an ceanglas maidir le tuairisciú ar fhaisnéis a bhaineann le tacsanomaíocht de bheith comhréireach agus chun dóthain ama a thabhairt d'institiúidí creidmheasa chun na ceanglais tuairiscithe a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2178 a chur chun feidhme, ba cheart cur i bhfeidhm na gceanglas tuairiscithe a bhaineann le KPI an Leabhair Trádála, agus KPI Táillí agus KPI an Choimisiúin a chur siar go dtí 2028.

(8) Thairis sin, is iomchuí cur chuige céimnithe a bhunú maidir le hábharthacht na n-aicmí éagsúla faisnéise atá le tuairisciú. Ós rud é go meastar go ginearálta gur lú an tábhacht a bhaineann le faisnéis maidir le caiteachas oibríochtúil agus úsáideacht ó thaobh cinnteoireachta de chun measúnú a dhéanamh ar inbhuanaitheacht ghníomhaíochtaí na ngnóthas ná an fhaisnéis maidir le láimhdeachas nó caiteachas caipitiúil, ba cheart cead a bheith ag gnóthais neamhairgeadais gan tuairisciú a dhéanamh ar incháilitheacht don tacsanomaíocht agus ailíniú caiteachais oibríochtúil i gcás nach bhfuil an caiteachas oibríochtúil ábhartha ó thaobh airgeadais de dá samhail ghnó. Leis an solúbthacht sin, chaomhnófaí trédhearcacht gnóthas fós do rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais agus d'infheisteoirí, agus san am céanna d'áiritheofaí cur i bhfeidhm comhréireach na gceanglas tuairiscithe faoi Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2020/852.

([6]) Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 lena mbunaítear an t-aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha d'Athbhreithniú 2 NACE agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 3037/90 chomh maith le Rialacháin CE áirithe maidir le réimsí sonracha staidrimh (IO L 393, 30.12.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2006/1893/oj).

([7]) Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoracha 2006/43/CE, 2013/34/AE, (AE) 2022/2464 agus (AE) 2024/1760 a mhéid a bhaineann le ceanglais áirithe maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach agus dícheall cuí i dtaca le hinbhuanaitheacht chorparáideach, COM (2025) 81 final.

(9) Na neamhchosaintí nach féidir measúnú a dhéanamh orthu maidir le hincháilitheacht don tacsanomaíocht nó maidir le hailíniú tacsanomaíochta, amhail díorthaigh, airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim, ar éileamh, iasachtaí bainc, cáilmheas nó tráchtearraí, ba cheart iad a eisiamh ó ainmneoir KPInna gnóthas airgeadais.

(10) Le hAirteagal 7(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2178, ní cheanglaítear ar ghnóthais airgeadais neamhchosaintí a KPInna ar ghnóthais chontrapháirtí nach bhfuil faoi réir na gceanglas tuairiscithe a leagtar síos in Airteagail 19a agus 29a de Threoir 2013/34/AE a chur san áireamh agus uimhreoir a KPInna á ríomh. Ar an gcúis sin, ní féidir maoiniú ghníomhaíochtaí eacnamaíocha agus shócmhainní na ngnóthas contrapháirtí atá inbhuanaithe faoi Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2020/852 a léiriú le KPInna gnóthas airgeadais. Chun cruinneas KPInna na ngnóthas airgeadais a áirithiú, agus an tráth céanna gan na gnóthais contrapháirtí sin a bheith faoi réir dianchritéir Thacsanomaíochta go hindíreach maidir lena rochtain ar mhaoiniú inbhuanaithe, is gá uimhreoir agus ainmneoir na KPInna is infheidhme a ailíniú agus neamhchosaintí na ngnóthas airgeadais ar na gnóthais contrapháirtí sin a eisiamh ó ainmneoir na KPInna is infheidhme. Dá bhrí sin, ba cheart a chuimsiú i raon feidhme KPInna gnóthas airgeadais an maoiniú agus na hinfheistíochtaí uile i ngnóthais atá faoi réir na gceanglas tuairiscithe a leagtar síos in Airteagail 19a agus 29a de Threoir 2013/34/AE, agus i bhfochuideachtaí máthairghnóthais atá faoi réir Airteagal 29a den Treoir sin ós rud é go dtuairiscíonn na máthairghnóthais sin faisnéis inbhuanaitheachta aonair, lena n-áirítear faoin Tacsanomaíocht, faoi na fochuideachtaí sin. Ciallaíonn sé sin gur gá a áireamh i raon feidhme KPInna neamhchosaintí gnóthas airgeadais ar ghnóthais chontrapháirtí eile nach bhfuil faoi réir na gceanglas tuairiscithe a leagtar síos in Airteagal 19a de Threoir 2013/34/AE, ach atá mar chuid de ghrúpa gnóthas a ghabhtar le tuairisciú comhdhlúite máthairghnóthais faoi Airteagal 29a den Treoir sin. Ar an gcaoi chéanna, na neamhchosaintí ar mheáin shainchuspóireacha (SPVanna) a mhaoiníonn gnóthas atá faoi réir na gceanglas tuairiscithe a leagtar síos in Airteagail 19a nó 29a de Threoir 2013/34/AE, agus a bhfochuideachtaí faoi seach, ba cheart iad a áireamh i raon feidhme KPInna gnóthas airgeadais.

(11) Cé gur cheart neamhchosaintí gnóthas airgeadais ar ghnóthais chontrapháirtí nach bhfuil faoi réir na gceanglas tuairiscithe a leagtar síos in Airteagail 19a agus 29a de Threoir 2013/34/AE, agus in Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2020/852, a eisiamh ó KPInna gnóthas airgeadais, féadfaidh gnóthais airgeadais neamhchosaintí ar a ngnóthais chontrapháirtí a áireamh ina KPInna fós, ar gnóthais iad a chomhlíonann ar bhonn deonach na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2020/852. Ar an gcaoi chéanna, féadfaidh gnóthais airgeadais neamhchosaintí ar na gnóthais chontrapháirtí sin a mhaoiníonn gníomhaíochtaí nó sócmhainní eacnamaíocha sonracha a áireamh ina KPInna bunaithe ar fhaisnéis atá ar fáil faoi chomhlíontacht na ngníomhaíochtaí agus na sócmhainní eacnamaíocha sin leis na critéir Thacsanomaíochta. Mar thoradh ar na hathruithe sin, ní bhaineann Airteagail 7(4) agus 7(7) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2178 le hábhar agus, dá bhrí sin, ba cheart iad a scriosadh.

(12) Ba cheart idirdhealú a dhéanamh idir an aidhm chun ualaí riaracháin a laghdú agus oibleagáidí tuairiscithe a shimpliú agus na hathbhreithnithe substainteacha fadtéarmacha leanúnacha ar na ceanglais tuairiscithe a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2178 agus ar na critéir scagtha theicniúla Tacsanomaíochta a leagtar síos i Rialacháin Tharmligthe (AE) 2021/2139 agus (AE) 2023/2486 chun cur chun feidhme na gceanglas agus na gcritéar tuairiscithe sin a éascú go mór. I bhfianaise chastacht cheanglais tuairiscithe na ngnóthas airgeadais, a bhfuil a gcomhlíonadh ag brath ar shreabhadh faisnéise agus sonraí ó na contrapháirtithe a mhaoiníonn siad, agus go dtí go dtabharfar an t-athbhreithniú ar na ceanglais tuairiscithe agus ar na critéir scagtha theicniúla a leagtar síos i Rialacháin Tharmligthe (AE) 2021/2139 agus (AE) 2023/2486 i gcrích, ba cheart an rogha a thabhairt do ghnóthais airgeadais gan na teimpléid a leagtar síos sna hIarscríbhinní a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2178 a úsáid chun a n-oibleagáidí maidir le nochtadh a leagtar síos in Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2020/852 a chomhlíonadh. Ina ionad sin, chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú, rioscaí glas-snasaithe a chosc, agus comhréireacht a urramú, ba cheart do na gnóthais sin ráiteas caighdeánach a fhoilsiú ina dtuarascáil bhainistíochta chun a léiriú nach maíonn siad go mbaineann a ngníomhaíochtaí eacnamaíocha le gníomhaíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2020/852.

(13) Chun castacht agus fad na dteimpléad tuairiscithe a laghdú agus chun tuairisciú gnóthas faoi Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2178 a éascú go mór, ba cheart na teimpléid tuairiscithe dá bhforáiltear sa Rialachán Tarmligthe sin a ghiorrú agus a shimpliú go mór gan an fhaisnéis fhíor-riachtanach a sholáthraítear sna teimpléid sin a chailleadh maidir leis an méid a bhaineann gníomhaíochtaí na ngnóthas tuairiscithe le gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. Thairis sin, ba cheart na teimpléid shonracha dá bhforáiltear in Iarscríbhinn XII a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2178 a bhaineann leis na gníomhaíochtaí in earnáil an gháis iontaise agus san earnáil núicléach a scriosadh chun ualaí tuairiscithe a laghdú agus chun dúbláil le faisnéis

a nochtaigh gnóthais neamhairgeadais sna teimpléid a sholáthraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo a sheachaint. Ba cheart do ghnóthais neamhairgeadais na catagóirí céanna faisnéise a nochtadh maidir lena ngníomhaíochtaí ábhartha in earnáil an gháis iontaise agus san earnáil núicléach agus a nochtadh in earnálacha eile. Chun an t-ualach tuairiscithe ar ghnóthais airgeadais a laghdú agus chun comhsheasmhacht le nochtaí tacsanomaíochta a gcontrapháirtithe a áirithiú, is gá Iarscríbhinní IV, VI, VIII agus X a ghabhann leis an Rialachán sin a leasú chun a áirithiú go nochtfaidh gnóthais airgeadais go comhsheasmhach a neamhchosaintí ar ghníomhaíochtaí sna hearnálacha gáis iontaise agus núicléacha atá incháilithe don tacsanomaíocht nó ailínithe le tacsanomaíocht i bhfoirm chomhiomlán.

(14) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2178 a leasú dá réir sin.

(15) Comhlíonadh na gcritéar uile a leagtar síos i Rialacháin Tharmligthe (AE) 2021/2139 agus (AE) 2023/2486 chun a chinneadh cé acu a dhéantar nó nach ndéantar dochar suntasach le gníomhaíocht eacnamaíoch d'aon cheann de na cuspóirí comhshaoil, is coinníoll riachtanach é sin chun a mheas go bhfuil an ghníomhaíocht eacnamaíoch sin inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. Mura léirítear comhlíontacht le fiú ceann amháin de na critéir sin, ní féidir le gnóthas a ghníomhaíochtaí eacnamaíocha a thuairisciú mar ghníomhaíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. Bíonn deacrachtaí ag gnóthais maidir le measúnú agus léiriú a dhéanamh ar chomhlíonadh roinnt de na critéir sin. Chun an t-ualach riaracháin ar ghnóthais a laghdú, ba cheart na critéir sin a leasú.

(16) Tá feidhm ag na critéir ghinearálta chun a chinneadh cé acu a dhéantar nó nach ndéantar dochar suntasach le gníomhaíocht eacnamaíoch do chosc agus rialú ar thruailliú maidir le húsáid agus láithreacht ceimiceán maidir le gníomhaíochtaí eacnamaíocha in earnálacha éagsúla. Cuireann measúnú ar chomhlíonadh na gceanglas sin ualach ar leith ar ghnóthais mar gheall ar a gcastacht. Chun soiléireacht dhlíthiúil agus comhsheasmhacht eilimintí áirithe de na critéir ghinearálta sin a mhéadú, ba cheart cur i bhfeidhm díolúintí áirithe bunaithe ar dhlí an Aontais dá dtagraítear a shonrú sna critéir sin.

(17) Le Rialachán (AE) 2024/590 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([8]), ceadaítear líon áirithe díolúintí a shonraítear go soiléir ón toirmeasc ar úsáid substaintí a ídíonn an ciseal ózóin. Dá bhrí sin, leis na critéir chineálacha chun a chinneadh cé acu a dhéantar nó nach ndéantar dochar suntasach le gníomhaíocht eacnamaíoch do chosc agus rialú ar thruailliú, ba cheart, dá bhrí sin, foráil a dhéanamh maidir le húsáid na ndíolúintí sin agus maidir le húsáidí riachtanacha substaintí ídithe ózóin i gcás nach bhfuil roghanna malartacha ar fáil.

(18) Tá díolúintí i dTreoir 2011/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([9]), atá teoranta ó thaobh raon feidhme agus fad de, ón srian le haghaidh ábhair nó comhpháirteanna sonracha áirithe. Freastalaíonn na díolúintí sin ar an gcás nach féidir ionadú a dhéanamh ó thaobh na heolaíochta agus na teicneolaíochta de, inar dócha gur mó na tionchair dhiúltacha don chomhshaol, don tsláinte agus do shábháilteacht an tomhaltóra a eascraíonn as ionadú ná na tairbhí don chomhshaol, don tsláinte agus do shábháilteacht an tomhaltóra a bhaineann leis an ionadú, nó i gcás nach n-áirithítear iontaofacht na n-ionadach. Dá bhrí sin, leis na critéir chineálacha chun a chinneadh cé acu a dhéantar nó nach ndéantar dochar suntasach le gníomhaíocht eacnamaíoch do chosc agus rialú ar thruailliú, ba cheart go mbeifí in ann na díolúintí sin a úsáid.

(19) Leis na critéir chineálacha a bhaineann le monarú substaintí, le láithreacht sa táirge deiridh nó san aschur deiridh, nó lena gcur ar an margadh, ar substaintí iad a chomhlíonann na critéir a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([10]) maidir le ceann de na haicmí guaise nó de na catagóirí guaise dá dtagraítear in Airteagal 57 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([11]), ceanglaítear ar ghnóthais tuairiscithe scagadh a dhéanamh trí líon an-mhór substaintí, lena n-áirítear a láithreacht i

---

([8]) Rialachán (AE) 2024/590 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Feabhra 2024 maidir le substaintí a ídíonn an ciseal ózóin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1005/2009 (IO L, 2024/590, 20.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/590/oj).

([9]) Treoir 2011/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2011 maidir leis an srian ar shubstaintí guaiseacha áirithe a úsáid i dtrealamh leictreach agus leictreonach (IO L 174, 1.7.2011, lch. 88, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2011/65/oj).

([10]) Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoir 67/548/CEE agus Treoir 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 (IO L 353, 31.12.2008, lch. 1, ELI: https://data.europa.eu/eli/reg/2008/1272/oj).

([11]) Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoir 91/155/CEE ón gCoimisiún, Treoir 93/67/CEE ón gCoimisiún, Treoir 93/105/CE ón gCoimisiún agus Treoir 2000/21/CE ón gCoimisiún (IO L 396, 30.12.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2006/1907/oj).

ngach táirge agus aschur a ngníomhaíochta eacnamaíche. Ceanglaítear le Rialacháin (CE) Uimh. 1272/2008 agus (CE) Uimh. 1907/2006 go ndéanfaidh soláthróirí na sonraí uile is gá a chur in iúl i ndáil le láithreacht na substaintí sin leo féin agus i meascáin agus, i gcás substaintí ar údar mór imní iad, in earraí. Níl aon oibleagáid dhlíthiúil ann, áfach, faisnéis den sórt sin a chur ar fáil maidir le substaintí a chomhlíonann na critéir le haghaidh ceann de na haicmí guaise nó de na catagóirí guaise dá dtagraítear in Airteagal 57 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 má tá siad in earraí. Dá bhrí sin, tá ualach breise ar ghnóthais tuairiscithe maidir le faisnéis a bhailiú sa slabhra soláthair le haghaidh na substaintí sin. Chun ualach riaracháin breise den sórt sin ar ghnóthais tuairiscithe a sheachaint, ba cheart, dá bhrí sin, na critéir chothrománacha don ghrúpa substaintí sin a bhaint.

(20) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialacháin Tharmligthe (AE) 2021/2139 agus (AE) 2023/2486 a leasú dá réir sin.

(21) Tá na sé chuspóir comhshaoil dá dtagraítear in Airteagal 9, pointí (a) go (f), de Rialachán (AE) 2020/852 agus in Airteagail 10, 11, 12, 13, 14 agus 15 den Rialachán sin idirnasctha go dlúth i dtéarmaí na meán trína mbaintear cuspóir comhshaoil amach agus i dtéarmaí na dtairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint le ceann de na cuspóirí comhshaoil sin a ghnóthú ar na cuspóirí comhshaoil eile. Dá bhrí sin, tá dlúthbhaint idir na forálacha lena gcinntear cé acu a rannchuidíonn nó nach rannchuidíonn gníomhaíocht eacnamaíoch go substaintiúil leis na cuspóirí comhshaoil sin. Tá dlúthbhaint ag na forálacha sin freisin leis na hoibleagáidí maidir le nochtadh a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2178. Chun comhleanúnachas a áirithiú idir na leasuithe a ghabhann leis na forálacha sin, ar leasuithe iad ar cheart go dtiocfaidís i bhfeidhm an tráth céanna, chun léargas cuimsitheach a éascú ar an gcreat dlíthiúil do pháirtithe leasmhara agus chun cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2020/852 a éascú, is gá na leasuithe sin a áireamh i Rialachán aonair.

(22) Tá an Rialachán seo comhsheasmhach leis an gcuspóir aeráidneodrachta a leagtar amach in Airteagal 2(1) de Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([12]) agus áirithítear leis an Rialachán dul chun cinn maidir leis an oiriúnú don athrú aeráide dá dtagraítear in Airteagal 5 den Rialachán sin. Ní leasaítear leis an Rialachán na critéir scagtha theicniúla maidir le rannchuidiú substaintiúil le maolú ar an athrú aeráide nó le hoiriúnú don athrú aeráide ná na critéir scagtha theicniúla maidir le gan dochar suntasach a dhéanamh do mhaolú ar an athrú aeráide agus d'oiriúnú don athrú aeráide a ndearnadh measúnú orthu de réir na comhsheasmhachta le cuspóir agus spriocanna Rialachán (AE) 2021/1119 mar a cheanglaítear le hAirteagal 6(4) den Rialachán sin.

(23) De bhun Airteagal 30 de Threoir 2013/34/AE, tá na tuarascálacha bainistíochta le foilsiú laistigh de thréimhse réasúnta ama, nach faide ná 12 mhí tar éis dháta an chláir chomhardaithe. Chun a áirithiú go bhféadfaidh gnóthais na leasuithe a leagtar síos sa Rialachán seo don bhliain airgeadais 2025 a chur i bhfeidhm, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón 1 Eanáir 2026. Mar sin féin, chun costais mhíchuí a sheachaint maidir le comhlíonadh na leasuithe a leagtar síos sa Rialachán seo, ba cheart do ghnóthais a bheith in ann Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2178, Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2139 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2486 a chur i bhfeidhm de réir mar is infheidhme an 31 Nollaig 2025 don bhliain airgeadais a thosaíonn idir an 1 Eanáir agus an 31 Nollaig 2025,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasuithe ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2178**

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2178 mar a leanas:

(1) in Airteagal 2, cuirtear isteach na míreanna (1a) go (1d) seo a leanas:

'1a. De mhaolú ar mhír 1, i gcás KPI láimhdeachais dá dtagraítear i Roinn 1.1.1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, féadfaidh gnóthais neamhairgeadais gan measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil cuid dá ngníomhaíochtaí eacnamaíocha incháilithe don tacsanomaíocht nó ailínithe le tacsanomaíocht i gcás ina bhfuil an láimhdeachas carnach a eascraíonn as na gníomhaíochtaí eacnamaíocha sin faoi bhun 10 % d'ainmneoir KPI láimhdeachais dá dtagraítear i Roinn 1.1.1, an chéad mhír d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

([12]) Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('An Dlí Aeráide Eorpach') (IO L 243, 9.7.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1119/oj).

1b. De mhaolú ar mhír 1, le haghaidh KPI CapEx dá dtagraítear i Roinn 1.1.2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, féadfaidh gnóthais neamhairgeadais measúnú a fhágáil ar lár i dtaobh an bhfuil cuid dá ngníomhaíochtaí eacnamaíocha incháilithe don tacsanomaíocht nó ailínithe le tacsanomaíocht i gcás ina bhfuil an caiteachas caipitil carnach a bhaineann leis na gníomhaíochtaí eacnamaíocha sin faoi bhun 10 % d'ainmneoir KPI CapEx dá dtagraítear i Roinn 1.1.2.1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

1c. De mhaolú ar mhír 1, i gcás KPI OpEx dá dtagraítear i Roinn 1.1.3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, i gcás nach bhfuil an caiteachas oibríochtúil ábhartha do shamhail ghnó na ngnóthas neamhairgeadais, féadfaidh na gnóthais sin gan measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil caiteachas oibríochtúil a bhaineann lena ngníomhaíochtaí eacnamaíocha uile incháilithe don tacsanomaíocht nó ailínithe le tacsanomaíocht, ar choinníoll go ndéanfar an méid seo a leanas:

(a) nochtfar luach iomlán an ainmneora KPI OpEx dá dtagraítear i Roinn 1.1.3.1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo;

(b) míneofar cén fáth nach bhfuil an caiteachas oibríochtúil ábhartha dá samhail ghnó.

I gcás ina bhfuil an caiteachas oibríochtúil ábhartha i bprionsabal le haghaidh shamhail ghnó na ngnóthas neamhairgeadais, féadfaidh na gnóthais neamhairgeadais sin gan measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil cuid dá ngníomhaíochtaí eacnamaíocha incháilithe don tacsanomaíocht nó ailínithe le tacsanomaíocht i gcás ina bhfuil an caiteachas oibríochtúil carnach a bhaineann leis na gníomhaíochtaí sin faoi bhun 10 % d'ainmneoir an KPI OpEx dá dtagraítear i Roinn 1.1.3.1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

1d. Déanfar an láimhdeachas, an caiteachas caipitiúil agus an caiteachas oibríochtúil a bhaineann leis na gníomhaíochtaí ar maidir leo a gcuirtear míreanna 1a agus 1c i bhfeidhm a thuairisciú ar leithligh mar láimhdeachas neamhábhartha, mar chaiteachas caipitiúil nó mar chaiteachas oibríochtúil.';

(2) in Airteagal 3, cuirtear an mhír 1a seo a leanas isteach:

'1a. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh bainisteoirí sócmhainní gan measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil na sócmhainní faoi bhainistíocht arb eol úsáid na bhfáltas ina leith incháilithe don tacsanomaíocht nó ailínithe le tacsanomaíocht i gcás ina bhfuil luach carnach na sócmhainní sin faoi bhun 10 % de na sócmhainní uile faoi bhainistíocht arb eol úsáid a bhfáltas a bheith acu agus a áirítear in ainmneoir KPI dá dtagraítear i Roinn 1.2 d'Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo.

Déanfar na sócmhainní a gcuirtear an chéad fhomhír i bhfeidhm maidir leo a thuairisciú ar leithligh mar shócmhainní neamhábhartha.'

(3) in Airteagal 4, cuirtear isteach na míreanna 1a go 1f seo a leanas:

'1a. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh institiúidí creidmheasa gan measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil na sócmhainní laistigh den chlár comhardaithe arb eol úsáid na bhfáltas ina leith a bheith incháilithe don tacsanomaíocht nó ailínithe le tacsanomaíocht i gcás ina bhfuil luach carnach na sócmhainní sin faoi bhun 10 % de na sócmhainní uile laistigh den chlár comhardaithe arb eol úsáid na bhfáltas ina leith a bheith san áireamh in ainmneoir an Chóimheasa Sócmhainní Glasa dá dtagraítear i Roinn 1.1.2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo le haghaidh stoic agus sreafa, faoi seach.

Déanfar na sócmhainní a gcuirtear an chéad fhomhír i bhfeidhm maidir leo a thuairisciú ar leithligh mar shócmhainní neamhábhartha.

1b. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh institiúidí creidmheasa gan measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil na ráthaíochtaí airgeadais a thacaíonn le hiasachtaí agus airleacain nó urrúis fiachais arb eol úsáid na bhfáltas ina leith incháilithe don tacsanomaíocht nó ailínithe le tacsanomaíocht i gcás ina bhfuil luach carnach na ráthaíochtaí airgeadais sin faoi bhun 10 % de luach na ráthaíochtaí airgeadais uile a thacaíonn le hiasachtaí agus airleacain nó urrúis fiachais arb eol úsáid a bhfáltas a áirítear in ainmneoir KPI FinGuar, stoic agus sreabhadh, faoi seach, dá dtagraítear i Roinn 1.2.2.1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo.

Déanfar na ráthaíochtaí airgeadais a gcuirtear an chéad fhomhír i bhfeidhm maidir leo a thuairisciú ar leithligh mar ráthaíochtaí airgeadais neamhábhartha.

1c. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh institiúidí creidmheasa gan measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil sócmhainní faoi bhainistíocht, arb eol úsáid a bhfáltas a bheith incháilithe don tacsanomaíocht nó ailínithe le tacsanomaíocht i gcás ina bhfuil luach carnach na sócmhainní faoi bhainistíocht faoi bhun 10 % de na sócmhainní uile faoi bhainistíocht arb eol úsáid na bhfáltas ina leith a bheith san áireamh in ainmneoir KPI AuM, stoic agus sreafa, faoi seach, dá dtagraítear i Roinn 1.2.2.2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo.

Déanfar na sócmhainní faoi bhainistíocht a gcuirtear an chéad fhomhír i bhfeidhm maidir leo a thuairisciú ar leithligh mar shócmhainní neamhábhartha faoi bhainistíocht.

1d. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh institiúidí creidmheasa gan measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil an t-ioncam ó tháillí agus ó choimisiúin a bhaineann le gníomhaíochtaí eacnamaíocha sonracha incháilithe don tacsanomaíocht nó ailínithe le tacsanomaíocht i gcás ina bhfuil luach carnach an ioncaim sin faoi bhun 10 % de luach an ioncaim uile ó tháillí agus ó choimisiúin a bhaineann le gníomhaíochtaí eacnamaíocha sonracha a áirítear in ainmneoir KPI F & C dá dtagraítear i Roinn 1.2.3 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo.

Déanfar an t-ioncam ó tháillí agus ó choimisiúin a gcuirtear an chéad fhomhír i bhfeidhm maidir leis a thuairisciú ar leithligh mar tháillí agus coimisiúin neamhábhartha.

1e. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh institiúidí creidmheasa gan measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil sócmhainní airgeadais arb eol úsáid a bhfáltas a bheith á sealbhú lena dtrádáil agus atá incháilithe don tacsanomaíocht nó ailínithe le tacsanomaíocht i gcás ina bhfuil luach carnach na sócmhainní sin faoi bhun 10 % de na sócmhainní airgeadais uile arna sealbhú lena dtrádáil arb eol úsáid a bhaint as fáltais a áirítear in ainmneoir GAR le haghaidh na punainne trádála dá dtagraítear i Roinn 1.2.4 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo.

Déanfar na sócmhainní airgeadais a gcuirtear an chéad fhomhír i bhfeidhm maidir leo a thuairisciú ar leithligh mar shócmhainní neamhábhartha.

1f. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh institiúid creidmheasa gan KPInna dá dtagraítear in Iarscríbhinn V a thuairisciú i gcás ina bhfuil luach carnach an ghlanláimhdeachais atá á nginiúint ag na gníomhaíochtaí a chumhdaítear leis na KPInna sin faoi bhun 10 % de ghlanláimhdeachas iomlán na hinstitiúide creidmheasa sin.';

(4) in Airteagal 5, cuirtear isteach na míreanna 1a agus 1b seo a leanas:

'1a. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh gnólachtaí infheistíochta atá ag déileáil ar a gcuntas féin gan measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil na sócmhainní arb eol úsáid a bhfáltas a bheith incháilithe don tacsanomaíocht nó ailínithe le tacsanomaíocht i gcás ina bhfuil luach carnach na sócmhainní sin faoi bhun 10 % de na sócmhainní uile arb eol úsáid a bhfáltas a bheith san áireamh in ainmneoir an Chóimheasa Sócmhainní Glasa dá dtagraítear i Roinn 2 d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán seo.

Déanfar na sócmhainní a gcuirtear an chéad fhomhír i bhfeidhm maidir leo a thuairisciú ar leithligh mar shócmhainní neamhábhartha.

1b. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh gnólachtaí infheistíochta nach bhfuil ag déileáil ar a gcuntas féin measúnú a fhágáil ar lár i dtaobh an bhfuil an t-ioncam ó infheistíocht, seirbhísí agus gníomhaíochtaí, seachas déileáil ar a gcuntas féin, a bhaineann le gníomhaíochtaí eacnamaíocha sonracha incháilithe don tacsanomaíocht nó ailínithe le tacsanomaíocht i gcás ina bhfuil luach carnach an ioncaim sin faoi bhun 10 % den ioncam uile ó infheistíocht, seirbhísí agus gníomhaíochtaí, seachas déileáil ar a gcuntas féin a bhaineann le gníomhaíochtaí eacnamaíocha sonracha a áirítear in ainmneoir KPI maidir le hioncam dá dtagraítear i Roinn 3 d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán seo.

Déanfar an t-ioncam a gcuirtear an chéad fhomhír i bhfeidhm maidir leis a thuairisciú ar leithligh mar ioncam neamhábhartha.';

(5) in Airteagal 6, cuirtear isteach an mhír 1a agus an mhír 1b seo a leanas:

'1a. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh gnóthais árachais neamhshaoil nó gnóthais athárachais gan measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil na préimheanna comhlána i scríbhinn, ioncam árachais neamhshaoil nó, de réir mar is infheidhme, ioncam athárachais, incháilithe don tacsanomaíocht nó ailínithe leis an tacsanomaíocht i gcás ina bhfuil ioncam carnach na bpréimheanna comhlána sin i scríbhinn, ioncam athárachais neamhshaoil nó, de réir mar is infheidhme, ioncam athárachais faoi bhun 10 % d'ainmneoir an KPI a bhaineann leis na gníomhaíochtaí frithgheallta dá dtagraítear i Roinn 2 d'Iarscríbhinn IX a ghabhann leis an Rialachán seo.

Déanfar na préimheanna comhlána i scríbhinn nó an t-ioncam a bhfuil feidhm ag an gcéad fhomhír maidir leis a thuairisciú ar leithligh mar ollphréimheanna neamhábhartha i scríbhinn nó mar ioncam neamhábhartha.

1b. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh gnóthais árachais nó athárachais gan measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil na sócmhainní arb eol úsáid na bhfáltas ina leith a bheith incháilithe don tacsanomaíocht nó ailínithe le tacsanomaíocht i gcás ina bhfuil luach carnach na sócmhainní sin faoi bhun 10 % de na sócmhainní uile a bhfuil úsáid a bhfáltas ar eolas a áirítear in ainmneoir KPI a bhaineann le hinfheistíochtaí dá dtagraítear i Roinn 1 d'Iarscríbhinn IX a ghabhann leis an Rialachán seo.

Déanfar na sócmhainní a gcuirtear an chéad fhomhír i bhfeidhm maidir leo a thuairisciú ar leithligh mar shócmhainní neamhábhartha.';

(6) leasaítear Airteagal 7 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 2 agus 3:

'2. Déanfar díorthaigh, airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim, iasachtaí idirbhainc ar éileamh, agus catagóirí sócmhainní nach dtagraítear dóibh in Airteagal 7(6), lena n-áirítear cáilmheas agus tráchtearraí a eisiamh ó ainmneoir eochairtháscairí feidhmíochta na ngnóthas airgeadais.

3. Gach neamhchosaint ar ghnóthais nach bhfuil oibleagáid orthu faisnéis inbhuanaitheachta a áireamh ina dtuarascáil bhainistíochta de bhun Airteagal 19a nó Airteagal 29a de Threoir 2013/34/AE, nó nach mbaineann le grúpaí gnóthas a bhfuil sé d'oibleagáid orthu faisnéis inbhuanaitheachta a áireamh ina dtuarascáil bhainistíochta de bhun Airteagal 19a nó Airteagal 29a de Threoir 2013/34/AE, le linn na bliana airgeadais, eisiafar iad ó ainmneoir eochairtháscairí feidhmíochta gnóthas airgeadais.

De mhaolú ar an gcéad fhomhír, áireofar neamhchosaintí ar mheáin shainchuspóireacha (SPVanna) in ainmneoir eochairtháscairí feidhmíochta na ngnóthas airgeadais i gcás ina maoinítear an méid seo a leanas leis na MSCanna sin:

(a) eintitis atá faoi réir Airteagal 19a nó 29a de Threoir 2013/34/AE nó eintitis a bhaineann le grúpa i gcás ina bhfuil máthairchuideachta MSC faoi réir Airteagal 29a den Treoir sin;

(b) sócmhainní a oibríonn eintitis atá faoi réir Airteagal 19a nó 29a de Threoir 2013/34/AE nó eintitis a bhaineann le grúpa i gcás ina bhfuil máthairchuideachta MSC faoi réir Airteagal 29a den Treoir sin.

De mhaolú ar an gcéad fhomhír, féadfaidh gnóthais airgeadais na neamhchosaintí seo a leanas a áireamh in ainmneoir a n-eochairtháscairí feidhmíochta:

(a) neamhchosaintí ar ghnóthais dá dtagraítear sa chéad fhomhír i gcás ina dtuairisceoidh na gnóthais sin ar bhonn deonach na príomhtháscairí feidhmíochta i gcomhréir le hIarscríbhinní I go XI a ghabhann leis an Rialachán seo;

(b) neamhchosaintí ar ghnóthais dá dtagraítear sa chéad fhomhír a bhfuil úsáid na bhfáltas ar eolas ina leith.

I gcás ina bhfuil feidhm ag an tríú fomhír, áireofar na neamhchosaintí dá dtagraítear san fhomhír sin in uimhreoir eochairtháscairí feidhmíochta na ngnóthas airgeadais mar a leanas:

(a) na neamhchosaintí dá dtagraítear sa tríú fomhír, pointe (a), áireofar in uimhreoir eochairtháscairí feidhmíochta na ngnóthas airgeadais iad arna n-ualú ag na heochairtháscairí feidhmíochta a thuairiscíonn a gcontrapháirtithe ar bhonn deonach i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar síos in Iarscríbhinní III, V, VII, agus IX a ghabhann leis an Rialachán seo;

(b) na neamhchosaintí dá dtagraítear sa tríú fomhír, pointe (b), áireofar in uimhreoir eochairtháscairí feidhmíochta gnóthas airgeadais iad suas le luach iomlán na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha ailínithe le tacsanomaíocht a mhaoiníonn na neamhchosaintí sin, ar bhonn na faisnéise arna soláthar ag a gcontrapháirtithe.';

(b) scriostar mír 4;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 5 agus 6:

'5. I gcás ina ndéantar na critéir scagtha theicniúla a leagtar síos sna gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun Airteagail 10(3), 11(3), 12(2), 13(2), 14(2) nó 15(2) de Rialachán (AE) 2020/852 a leasú, na hiasachtaí agus na hionstraimí sin a bhfuil eolas ar a dtorthaí agus atá i seilbh gnóthas airgeadais a mhaoiníonn gníomhaíochtaí nó sócmhainní eacnamaíocha atá ailínithe le tacsanomaíocht, in éagmais ailíniú na ngníomhaíochtaí nó na sócmhainní eacnamaíocha arna maoiniú leis na critéir scagtha theicniúla leasaithe, déanfar iad a thuairisciú mar iasachtaí nó sócmhainní sainchuspóra faoin Rialachán seo go ceann cúig bliana tar éis dháta chur i bhfeidhm na ngníomhartha tarmligthe lena leasaítear na critéir scagtha theicniúla sin.

6. Déanfaidh gnóthais airgeadais foráil maidir le miondealú in uimhreoir agus in ainmneoir na n-eochairtháscairí feidhmíochta, i gcás is infheidhme, le haghaidh an mhéid seo a leanas:

(a) neamhchosaintí ar ghnóthais neamhairgeadais agus infheistíochtaí iontu;

(b) neamhchosaintí ar ghnóthais airgeadais agus infheistíochtaí iontu;

(c) neamhchosaintí ar chliaint mhiondíola atá incháilithe don Tacsanomaíocht;

(d) neamhchosaintí ar rialtais áitiúla;

(e) sócmhainní réadmhaoine;

(f) neamhchosaintí ar ghnóthais agus infheistíocht iontu dá dtagraítear in Airteagal 7(3), an tríú fomhír.';

(d) scriostar mír 7;

(e) cuirtear isteach na míreanna 8 agus 9 seo a leanas:

'8. Agus na heochairtháscairí feidhmíochta á dtuairisciú i gcomhréir leis an Rialachán seo, áireoidh gnóthais airgeadais an méid seo a leanas sna teimpléid tuairiscithe:

(a) neamhchosaintí agus infheistíochtaí lena maoinítear gníomhaíochtaí eacnamaíocha neamhábhartha a gcontrapháirtithe ar gnóthais neamhairgeadais iad a thuairiscítear i gcomhréir le hAirteagal 2, míreanna (1a) agus (1b) trína neamhchosaintí ar na contrapháirtithe sin a ualú le cion na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha neamhábhartha sin in ainmneoir phríomhtháscairí feidhmíochta a gcontrapháirtithe;

(b) neamhchosaintí ar a gcontrapháirtithe ar gnóthais airgeadais iad trí na neamhchosaintí sin a ualú leis an gcion d'ainmneoir eochairtháscairí feidhmíochta na gcontrapháirtithe sin de ghníomhaíochtaí nach ndéanann na contrapháirtithe sin measúnú orthu i gcomhréir leis an mír seo;

(c) gníomhaíochtaí, neamhchosaintí agus infheistíocht a mheasann na gnóthais tuairiscithe a bheith neamhábhartha i gcomhréir le hAirteagal 3(1a), Airteagal 4(1a) go (1e), Airteagal 5(1a) agus (1b), Airteagal 6(1a) agus (1b), de réir mar is infheidhme;

(d) neamhchosaintí ar ghnóthais airgeadais agus infheistíocht iontu a thuairiscíonn i gcomhréir le hAirteagal 7(9) den Rialachán seo.

9. Go dtí an 31 Nollaig 2027, cé is moite d'Airteagal 8(2) agus den mhír seo 9, ní bheidh feidhm ag Airteagail 2 go 8 maidir le gnóthais airgeadais nach n-éilíonn faoi Airteagail 3 agus 9 de Rialachán (AE) 2020/852 go bhfuil gníomhaíochtaí eacnamaíocha acu atá bainteach leis an Rialachán sin, ar choinníoll go nochtann na gnóthais sin an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 8(1) den Rialachán sin tríd an ráiteas seo a leanas a áireamh ina dtuarascáil bhainistíochta:

'Ní maítear go mbaineann aon ghníomhaíocht le gníomhaíochtaí eacnamaíocha a cháilíonn mar ghníomhaíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de faoi Airteagail 3 agus 9 de Rialachán (AE) 2020/852 (an Rialachán maidir le Tacsanomaíocht)'.';

(7) in Airteagal 8, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 6, 7 agus 8:

'6. Agus na gníomhaíochtaí eacnamaíocha dá dtagraítear i Ranna 4.26, 4.27 agus 4.28 d'Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2139 á ndéanamh nó á maoiniú acu, nochtfaidh gnóthais neamhairgeadais agus gnóthais airgeadais cion an mhéid seo a leanas:

(a) na gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá ailínithe le tacsanomaíocht dá dtagraítear i Roinn 4.26, Roinn 4.27 agus Roinn 4.28 d'Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2139 in ainmneoir a n-eochairtháscairí feidhmíochta;

(b) na gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá incháilithe don tacsanomaíocht dá dtagraítear i Roinn 4.26, Roinn 4.27 agus Roinn 4.28 d'Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2139 in ainmneoir agus uimhreoir a n-eochairtháscairí feidhmíochta.

7. Agus na gníomhaíochtaí eacnamaíocha dá dtagraítear i Ranna 4.29, 4.30 agus 4.31 d'Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2139 á ndéanamh nó á maoiniú acu, nochtfaidh gnóthais neamhairgeadais agus gnóthais airgeadais cion an mhéid seo a leanas:

(a) na gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá ailínithe le tacsanomaíocht dá dtagraítear i Roinn 4.29, Roinn 4.30 agus Roinn 4.31 d'Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2139 in ainmneoir a n-eochairtháscairí feidhmíochta;

(b) na gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá incháilithe don tacsanomaíocht dá dtagraítear i Roinn 4.29, Roinn 4.30 agus Roinn 4.31 d'Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2139 in ainmneoir agus uimhreoir a n-eochairtháscairí feidhmíochta.

8. Cuirfear an fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 6 agus 7 i láthair i bhformáid tábla trí leas a bhaint as na teimpléid a leagtar amach in Iarscríbhinní II, IV, VI, VIII, agus X a ghabhann leis an Rialachán seo.';

(8) In Airteagal 10(5), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:
Beidh feidhm ag Ranna 1.2.3 agus 1.2.4 d'Iarscríbhinn V ón 1 Eanáir 2028.';

(9) Leasaítear Iarscríbhinn I i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo;

(10) Cuirtear an téacs in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn II;

(11) Leasaítear Iarscríbhinn III i gcomhréir le hIarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo;

(12) Cuirtear an téacs in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn IV;

(13) Leasaítear Iarscríbhinn V i gcomhréir le hIarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo;

(14) Cuirtear an téacs in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn VI;

(15) Leasaítear Iarscríbhinn VII i gcomhréir le hIarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán seo;

(16) Cuirtear an téacs in Iarscríbhinn VIII a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn VIII;

(17) Leasaítear Iarscríbhinn IX i gcomhréir le hIarscríbhinn IX a ghabhann leis an Rialachán seo;

(18) Cuirtear an téacs in Iarscríbhinn X a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn X;

(19) Leasaítear Iarscríbhinn XI i gcomhréir le hIarscríbhinn XI a ghabhann leis an Rialachán seo;

(20) Scriostar Iarscríbhinn XII.

*Airteagal 2*

**Leasuithe ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2139**

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2139 mar a leanas:

(1) Leasaítear Iarscríbhinn I i gcomhréir le hIarscríbhinn XII a ghabhann leis an Rialachán seo;

(2) Leasaítear Iarscríbhinn II i gcomhréir le hIarscríbhinn XIII a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 3*

**Leasuithe ar RialachánTarmligthe (AE) 2023/2486**

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2486 mar a leanas:

(1) Leasaítear Iarscríbhinn II i gcomhréir le hIarscríbhinn XIV a ghabhann leis an Rialachán seo;

(2) Leasaítear Iarscríbhinn II i gcomhréir le hIarscríbhinn XV a ghabhann leis an Rialachán seo;

(3) Leasaítear Iarscríbhinn IV i gcomhréir le hIarscríbhinn XVI a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 4*

**Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2026.

Féadfaidh gnóthais, áfach, Rialacháin Tarmlighte (AE) 2021/2178, (AE) 2021/2139 agus (AE) 2023/2486 a chur i bhfeidhm de réir mar is infheidhme an 31 Nollaig 2025 don bhliain airgeadais a thosaíonn idir an 1 Eanáir agus an 31 Nollaig 2025.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 4 Iúil 2025.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN I*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2178 mar a leanas:

(1) I roinn 1.1.3.2, scriostar an mhír dheireanach;

(2) I roinn 1.2.3.1, an chéad mhír, cuirtear isteach an litir (d) seo a leanas:

‘(d) faisnéis maidir le hearnáil na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha a mheastar a bheith neamhábhartha de réir Airteagal 2 (1a), agus míniú ar easpa ábharthachta na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha sin.’;

(3) I roinn 1.2.3.2, an chéad mhír, cuirtear isteach an litir (d) seo a leanas:

‘(d) faisnéis maidir le hearnáil na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha a mheastar a bheith neamhábhartha de réir Airteagal 2 (1b) agus míniú ar easpa ábharthachta na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha sin.’

(4) I roinn 1.2.3.3, an chéad mhír, cuirtear isteach an litir (d) seo a leanas:

‘(d) faisnéis maidir le hearnáil na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha a mheastar a bheith neamhábhartha de réir Airteagal 2 (1c) agus míniú ar easpa ábharthachta na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha sin.’.

*IARSCRÍBHINN II*

*'IARSCRÍBHINN II*

**TEIMPLÉID LE HAGHAIDH KPInna GNÓTHAS NEAMHAIRGEADAIS**

**Teimpléad 1: Cion de láimhdeachas, CapEx, OpEx ó tháirgí nó seirbhísí atá bainteach le gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá incháilithe don Tacsanomaíocht nó ailínithe leis an Tacsanomaíocht – nochtadh a chumhdaíonn bliain (*N*)(KPInna achoimre)**

| Bliain airgeadais (N) | |
|---|---|

| KPI | Iomlán | Cion na ngníomhaíochtaí atá incháilithe don Tacsanomaíocht | Gníomhaíochtaí atá ailínithe leis an Tacsanomaíocht | Cion na ngníomhaíochtaí atá ailínithe leis an Tacsanomaíocht | Miondealú de réir chuspóirí comhshaoil na ngníomhaíochtaí atá ailínithe leis an Tacsanomaíocht | | | | | | Cion na ngníomhaíochtaí cumasúcháin | Cion na ngníomhaíochtaí idirthréimhseacha | Gníomhaíochtaí nach ndearnadh measúnú orthu a meastar a bheith neamhábhartha | Gníomhaíochtaí atá ailínithe leis an Tacsanomaíocht sa tréimhse thuairiscithe roimhe sin (*N*-1) | Cion na ngníomhaíochtaí atá ailínithe leis an Tacsanomaíocht sa bhliain airgeadais roimhe sin (*N*-1) |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Maolú ar an Athrú Aeráide | Oiriúnú don Athrú Aeráide | Uisce | Geilleagar Ciorclach | Truailliú | Bithéagsúlacht | | | | | |
| (1) | (2) | (3) | (4) | (5) | (6) | (7) | (8) | (9) | (10) | (11) | (12) | (13) | (14) | (15) | (16) |
| *Téacs* | *Airgeadra* | % | *Airgeadra* | % | % | % | % | % | % | % | % | % | % | *Airgeadra* | % |
| Láimhdeachas | | % | | % | % | % | % | % | % | % | % | % | % | | % |
| CapEx | | % | | % | % | % | % | % | % | % | % | % | % | | % |
| OpEx | | % | | % | % | % | % | % | % | % | % | % | % | | % |

*Nótaí míniúcháin le haghaidh Theimpléad 1:*

1. (*N*) Sonraigh an bhliain airgeadais dá dtagraíonn na sonraí tuairiscithe. Bainfidh colúin (2) go (14) leis an mbliain airgeadais (*N*). (*N*-1) Léirítear an bhliain airgeadais roimhe sin. Murar tuairiscíodh aon sonra le haghaidh bhliain airgeadais *N*-1, fág colúin (15) agus (16) folamh.

2. Beidh ainmneoir KPI faoi seach i gcolún (2).

3. I gcolún (3) beidh cion ainmneoir an KPI faoi seach a bhaineann le gníomhaíochtaí eacnamaíocha incháilithe don Tacsanomaíocht iomlán gan beann ar cé acu atá nó nach bhfuil na gníomhaíochtaí sin ailínithe le tacsanomaíocht.

4. Beidh i gcolún (5) an cion d'ainmneoir KPI faoi seach a bhaineann le gníomhaíochtaí eacnamaíocha ailínithe le Tacsanomaíocht iomlán.

5. I gcolúin (6) go (11) beidh cion ainmneoir an KPI faoi seach a bhaineann le gníomhaíochtaí eacnamaíocha ailínithe le Tacsanomaíocht a rannchuidíonn go substaintiúil leis an gcuspóir comhshaoil faoi seach. I gcás KPI faoi seach, beidh suim na gcionmhaireachtaí i gcolúin (6) go (11) cothrom leis an bhfigiúr sa cholún (5).

6. Beidh i gcolún (12) an cion d'ainmneoir KPI faoi seach a bhaineann le gníomhaíochtaí eacnamaíocha ailínithe le Tacsanomaíocht lena gcumasaítear gníomhaíochtaí eacnamaíocha.

7. Beidh i gcolún (13) an cion d'ainmneoir KPI faoi seach a bhaineann le gníomhaíochtaí eacnamaíocha ailínithe le Tacsanomaíocht ar gníomhaíochtaí eacnamaíocha iad.

8. I gcolún (14) beidh cion ainmneoir an KPI faoi seach a bhaineann le gníomhaíochtaí eacnamaíocha a mheastar a bheith neamhábhartha i ndáil leis an KPI faoi seach agus nach bhfuil measúnaithe le haghaidh incháilitheacht don Tacsanomaíocht agus ailíniú leis an Tacsanomaíocht i gcomhréir le hAirteagal 2(1a), (1b), agus (1c), faoi seach. I gcás gníomhaíocht eacnamaíoch a mheastar a bheith ábhartha i ndáil le KPI (láimhdeachas, CapEx, nó OpEx), déanfaidh gnóthais measúnú ar incháilitheacht don Tacsanomaíocht agus ailíniú an KPI sin a bhaineann leis an ngníomhaíocht sin ina hiomláine agus ní mheasfaidh siad go bhfuil cuid den KPI sin a bhaineann leis an ngníomhaíocht sin neamhábhartha. Ní áireofar i gcolún (14) aon cion láimhdeachais, CapEx, nó OpEx a bhaineann le gníomhaíochtaí eacnamaíocha ábhartha.

9. Beidh i gcolún (16) an cion d'ainmneoir KPI faoi seach, a bhfuil baint acu leis an mbliain airgeadais (*N*-1), agus a bhaineann le gníomhaíochtaí eacnamaíocha ailínithe le Tacsanomaíocht iomlán a bhfuil baint acu leis an mbliain airgeadais (*N*-1).

10. Colúin (5) go (11) chun áireamh dúbailte a sheachaint: má tá gníomhaíochtaí eacnamaíocha ailínithe le Tacsanomaíocht san fhigiúr i gcolún (5) a rannchuidíonn go substaintiúil le níos mó ná cuspóir comhshaoil amháin an tráth céanna, ba cheart rannchuidiú substaintiúil na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha sin le cuspóirí comhshaoil iomadúla a léiriú faoi na cuspóirí comhshaoil faoi seach i gcolúin (6) go (11) de Theimpléad 2 ar rónna gníomhaíochta faoi seach, ach níor cheart é a chomhaireamh faoi dhó i gcolúin (5) go (11) de Theimpléad 1.

**Teimpléad 2: Cion de láimhdeachas, CapEx, OpEx ó tháirgí nó seirbhísí atá bainteach le gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá incháilithe don Tacsanomaíocht nó ailínithe leis an Tacsanomaíocht – nochtadh a chumhdaíonn bliain (*N*)(miondealú gníomhaíochta)**

| | |
|---|---|
| KPI a thuairiscítear (Láimhdeachas/ CapEx/OpEx) | |
| Bliain airgeadais (N) | |

| Gníomhaíochtaí Eacnamaíocha | Cód | KPI atá incháilithe don Tacsanomaíocht (Cion de Láimhdeachas/ CapEx/OpEx atá incháilithe don Tacsanomaíocht) | KPI atá ailínithe leis an Tacsanomaíocht (luach airgeadaíochta Láimhdeachais/CapEx/ OpEx) | KPI atá ailínithe leis an Tacsanomaíocht (Cion de Láimhdeachas, CapEx, OpEx atá ailínithe leis an Tacsanomaíocht | Cuspóir comhshaoil na ngníomhaíochtaí atá ailínithe leis an Tacsanomaíocht | | | | | | Gníomhaíocht chumasúcháin | Idirthréimhseach Gníomhaíocht | Cion atá ailínithe leis an Tacsanomaíocht sa mhéid atá incháilithe don Tacsanomaíocht |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Maolú ar an Athrú Aeráide | Oiriúnú don Athrú Aeráide | Uisce | Geilleagar Ciorclach | Truailliú | Bithéagsúlacht | | | |
| (1) | (2) | (3) | (4) | (5) | (6) | (7) | (8) | (9) | (10) | (11) | (12) | (13) | (14) |
| *Téacs* | | % | *Airgeadra* | % | % | % | % | % | % | % | *(E i gcás inarb infheidhme):* | *(T i gcás inarb infheidhme):* | % |
| Gníomhaíocht 1 | | | | % | % | % | % | % | % | % | | | % |
| Gníomhaíocht 2 | | | | % | % | % | % | % | % | % | | | % |
| Suim an ailínithe de réir an chuspóra | | | | | % | % | % | % | % | % | | | |
| KPI iomlán (Láimhdeachas/CapEx/ OpEx) | | | | % | % | % | % | % | % | % | % | % | % |

*Nótaí míniúcháin le haghaidh Theimpléad 2:*

1. Déanfaidh gnóthais neamhairgeadais an teimpléad seo a dhúbailt chun na KPInna láimhdeachais, CapEx agus OpEx a nochtadh ar leithligh, agus léireofar go soiléir i dteideal gach tábla an KPI dá dtagraítear sa tábla. I gcás ina nochtann gnóthais neamhairgeadais KPI nialasach atá incháilithe don Tacsanomaíocht (láimhdeachas, CapEx, nó OpEx, faoi seach), i dTeimpléad 1, colún (3), féadfaidh siad gan Teimpléad 2 a nochtadh le haghaidh an KPI sin.

2. (*N*) Sonraigh an bhliain airgeadais dá dtagraíonn na sonraí tuairiscithe. Baineann colúin (2) go (14) leis an mbliain airgeadais (*N*).

3. I gcás rónna gníomhaíochta, colún (2): Is é atá sa Chód an giorrúchán a bhaineann leis an gcuspóir ábhartha a bhfuil an ghníomhaíocht eacnamaíoch incháilithe rannchuidiú go substaintiúil leis, chomh maith leis an uimhir roinne a ghabhann leis an ngníomhaíocht san Iarscríbhinn ábhartha faoina gcuimsítear an cuspóir, i.e.:

   — Maolú ar an Athrú Aeráide: MAA,

   — Oiriúnú don Athrú Aeráide: OAA,

   — Uisce agus Acmhainní Muirí: UAM,

— Geilleagar Ciorclach: GC,

— Cosc agus Rialú ar Thruailliú: TCR,

— Bithéagsúlacht agus éiceachórais: BIO.

Mar shampla, seo a leanas an Cód atá ag an nGníomhaíocht 'Foraoisiú': MAA 1.1. I gcás ina bhfuil gníomhaíochtaí incháilithe rannchuidiú go substaintiúil le níos mó ná cuspóir amháin, ba cheart na cóid le haghaidh na gcuspóirí uile a léiriú.

4. Maidir le rónna gníomhaíochta, i gcolún (3) beidh an cion d'ainmneoir an KPI faoi seach, mar a thuairiscítear i dTeimpléad 1, a bhaineann le gníomhaíocht eacnamaíoch incháilithe don Tacsanomaíocht gan beann ar cé acu atá nó nach bhfuil an ghníomhaíocht sin ailínithe le Tacsanomaíocht, nó níl ach cuid den ghníomhaíocht sin ailínithe le Tacsanomaíocht.

5. Maidir le rónna gníomhaíochta, beidh i gcolún (5) an cion d'ainmneoir an KPI faoi seach, mar a thuairiscítear i dTeimpléad 1, a bhaineann le gníomhaíocht eacnamaíoch ailínithe le Tacsanomaíocht, nó leis an gcuid atá ailínithe leis an Tacsanomaíocht de ghníomhaíocht atá incháilithe don Tacsanomaíocht.

6. I gcás rónna gníomhaíochta, beidh i gcolúin (6) go (11) an cion d'ainmneoir an KPI faoi seach, mar a thuairiscítear i dTeimpléad 1, a bhaineann le gníomhaíocht eacnamaíoch ailínithe le Tacsanomaíocht, nó a sciar, a rannchuidíonn go substaintiúil leis an gcuspóir comhshaoil faoi seach a bhfuil an ghníomhaíocht eacnamaíoch incháilithe don Tacsanomaíocht ina leith. Ba cheart colúin a chomhfhreagraíonn do na cuspóirí comhshaoil nach bhfuil an ghníomhaíocht eacnamaíoch incháilithe don Tacsanomaíocht ina leith a fhágáil folamh. I gcás ina rannchuidíonn gníomhaíocht eacnamaíoch ailínithe le Tacsanomaíocht, nó a sciar, go substaintiúil le roinnt cuspóirí comhshaoil, beidh sna colúin faoi na cuspóirí comhshaoil sin cion comhfhreagrach ainmneoir an KPI faoi seach, mar a thuairiscítear i dTeimpléad 1, atá bainteach leis an ngníomhaíocht sin nó lena sciar. I bhfocail eile, i gcás ina rannchuidíonn gníomhaíocht go substaintiúil le níos mó ná cuspóir comhshaoil amháin an tráth céanna, ba cheart a rannchuidiú substaintiúil a léiriú faoi chuspóirí comhshaoil iomadúla sa ró a bhaineann leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch sin.

7. I gcolún (14) beidh cóimheas an fhigiúir i gcolún (5) roinnte ar an bhfigiúr i gcolún (3) sna rónna faoi seach.

8. Ró 'Suim an ailínithe de réir an chuspóra': i gcolúin (6) go (11) beidh suim na bhfigiúirí le haghaidh na ngníomhaíochtaí tuairiscithe uile faoi na colúin faoi seach. D'fhéadfadh níos mó ná 100 % a bheith mar thoradh ar shuim cholúin (6) go (11) ar an ró seo.

9. Ró "KPI iomlán": i gcolúin (3) go (13) beidh suim na bhfigiúirí le haghaidh na ngníomhaíochtaí tuairiscithe uile faoi na colúin faoi seach. Le haghaidh colúin (4) go (11), agus an tsuimiú sa ró *"KPI iomlán"* á chumhrú, ní dhéanfaidh gnóthais neamhairgeadais na rannchuidithe le hilchuspóirí comhshaoil a chomhaireamh faoi dhó agus ní áireoidh siad ach an cuspóir comhshaoil is ábhartha a mheasann siad a bheith ábhartha. Beidh an figiúr i gcolún (5) sa ró seo, i.e. KPI iomlán ailínithe le Tacsanomaíocht, cothrom le suim na bhfigiúirí a thuairiscítear i gcolúin (6) go (11) sa ró seo. Beidh na figiúirí a thuairisceofar sa ró "KPI iomlán" i gcolúin (3) go (13) i dTeimpléad 2 cothrom leis na figiúirí a thuairiscítear i gcolúin chomhfhreagracha (3) go (13) i dTeimpléad 1. Chun áireamh dúbailte a sheachaint, cuirfidh gnóthais airgeadais an figiúr le haghaidh *KPI Iomlán*, faoi mar a thuairiscítear i dTeimpléad 1, san áireamh agus a KPInna féin á ríomh acu.'

*IARSCRÍBHINN III*

Leasaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2178 mar a leanas:

(1) I Roinn 1.2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad mhíre:

'Beidh an t-ainmneoir comhdhéanta de luach na Sócmhainní faoi Bhainistíocht (AuM) a chumhdaítear faoi Airteagal 7(6) den Rialachán seo mar thoradh ar ghníomhaíochtaí cnuasaitheacha agus aonair um bainistíocht punainne na mbainisteoirí sócmhainní.'

(2) I Roinn 2, scriostar an litir (e).

(3) I Roinn 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad litir (f):

'(f) cion infheistíochtaí iomlána na n-infheistíochtaí a nochtadh i neamhchosaintí dá dtagraítear in Airteagal 7(6) den Rialachán seo.'

*IARSCRÍBHINN IV*

*IARSCRÍBHINN IV*

**TEIMPLÉAD LE hAGHAIDH KPI BAINISTEOIRÍ SÓCMHAINNÍ**

**Teimpléad caighdeánach le haghaidh nochta a cheanglaítear faoi Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2020/852 (bainisteoirí sócmhainní)**

| | **An dáta tagartha maidir le nochtadh** | | |
|---|---|---|---|
| | **Neamhchosaintí** | % | Milliún EUR |
| 1 | **AUM Iomlán** | 100 | |
| 2 | **Sócmhainní a chumhdaítear leis an KPI** | | |
| | **% na sócmhainní a chumhdaítear** | % Bunaithe ar láimhdeachas | % Bunaithe ar CapEx: |
| 3 | **Incháilithe don Tacsanomaíocht** | | |
| 4 | Gníomhaíochtaí núicléacha ([1]) | | |
| 5 | Gníomhaíochtaí gáis iontaise ([2]) | | |
| 6 | **Ailínithe leis an Tacsanomaíocht** | | |
| 7 | Gnóthais atá faoi réir Airteagail 19a agus 29a de Threoir 2013/34/AE | | |
| 8 | ar díobh sin Gnóthais neamhairgeadais | | |
| 9 | ar díobh sin Gnóthais airgeadais | | |
| 10 | Contrapháirtithe eile a chumhdaítear agus sócmhainní réadmhaoine | | |
| 11 | Neamhchoasintí a áirítear ar bhonn deonach ([3]) | | |
| 12 | Gníomhaíochtaí idirthréimhseacha | | |
| 13 | Gníomhaíochtaí cumasúcháin | | |
| 14 | Gníomhaíochtaí núicléacha ([1]) | | |
| 15 | Gníomhaíochtaí gáis iontaise ([2]) | | |
| | **Ailínithe leis an Tacsanomaíocht de réir an chuspóra** | % Bunaithe ar láimhdeachas | % Bunaithe ar CapEx: |
| 16 | Maolú ar an Athrú Aeráide (MAA) | | |
| 17 | Oiriúnú don Athrú Aeráide (OAA) | | |
| 18 | Uisce agus Acmhainní Muirí (UAM) | | |
| 19 | Geilleagar ciorclach (GC) | | |
| 20 | Truailliú (TCR) | | |
| 21 | Bithéagsúlacht agus Éiceachórais (BÉ) | | |
| 22 | **Neamhchosaintí nach ndearnadh measúnú orthu** | | |
| 23 | Neamhchosaintí lena maoinítear gníomhaíochtaí neamhábhartha neamhmheasúnaithe contrapháirtithe ([4]) | | |
| 24 | Neamhchosaintí nach ndearnadh measúnú orthu a mheasann an t-eintiteas tuairiscithe a bheith neamhábhartha ([5]) | | |
| 25 | Neamhchosaintí ar chontrapháirtithe maoinithe i gcomhréir le hAirteagal 7(9) den Rialachán seo ([6]) | | |

| | Miondealú na sócmhainní cumhdaithe | % | Milliún EUR |
|---|---|---|---|
| 26 | Gnóthais atá faoi réir Airteagail 19a agus 29a de Threoir 2013/34/AE | | |
| 27 | ar díobh sin Gnóthais neamhairgeadais | | |
| 28 | ar díobh sin Gnóthais airgeadais | | |
| 29 | Contrapháirtithe eile a chumhdaítear agus sócmhainní réadmhaoine | | |
| 30 | Neamhchoasintí a áirítear ar bhonn deonach (3) | | |

(1) Dá dtagraítear i Ranna 4.26, 4.27, agus 4.28 d'Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2139.
(2) Dá dtagraítear i Ranna 4.29, 4.30, agus 4.31 d'Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2139.
(3) I gcomhréir le hAirteagal 7(3) den Rialachán seo.
(4) I gcomhréir le hAirteagal 7(8)(a) agus (b) den Rialachán seo.
(5) I gcomhréir le hAirteagal 3(1a) den Rialachán seo. Ba cheart na figiúirí a bheith mar an gcéanna sa dá cholún.
(6) Ba cheart na figiúirí a bheith mar an gcéanna sa dá cholún.

*IARSCRÍBHINN V*

Leasaítear Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2178 V mar a leanas:

(1) i Roinn 1.1.2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú mír:

'Eisiafar na sócmhainní a leanas ó uimhreoir agus ó ainmneoir GAR:

(a) sócmhainní airgeadais arna sealbhú le haghaidh trádála;

(b) iasachtaí idirbhainc ar éileamh;

(c) neamhchosaintí ar ghnóthais nach bhfuil oibleagáid orthu faisnéis neamhairgeadais a fhoilsiú de bhun Airteagal 19a nó 29a de Threoir 2013/34/AE;

(d) díorthaigh;

(e) airgead agus sócmhainní a bhaineann le hairgead;

(f) catagóirí eile sócmhainní (ar nós dea-thoil, tráchtearraí etc.).'

(2) i Roinn 1.2.4., cuirtear an méid seo a leanas in ionad na tríú míre:

'Nochtfaidh institiúidí creidmheasa faisnéis chainníochtúil agus KPInna lena léirítear a mhéid atá an institiúid ag trádáil le sócmhainní atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus a mhéid atá sí ag rannchuidiú le trádáil an chineáil sin sócmhainní a chur chun cinn.'

*IARSCRÍBHINN VI*

*'IARSCRÍBHINN VI*

**TEIMPLÉAD LE hAGHAIDH KPINNA INSTITIÚIDÍ CREIDMHEASA**

| Uimhir an teimpléid | Ainm |
|---|---|
| 0 | Achoimre ar KPInna |
| 1 | Sócmhainní chun GAR a ríomh |
| 2 | Faisnéis earnála GAR |
| 3 | Stoc KPI GAR |
| 4 | Sreabhadh KPI GAR |
| 5 | KPI le haghaidh neamhchosaintí lasmuigh den chlár comhardaithe |
| 6 | KPI ar ioncam ó tháillí agus ó choimisiúin ó sheirbhísí seachas iasachtú agus bainistíocht sócmhainní |
| 7 | KPI le haghaidh Punann leabhair trádála |

## 0. Achoimre ar KPInna le nochtadh ag institiúidí creidmheasa faoi Airteagal 8 den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht

| Dáta/tréimhse tagartha nochta *t* | |
|---|---|

| | | Neamhchosaint iomlán ar ghníomhaíochtaí atá ailínithe leis an Tacsanomaíocht (airgeadra) | | KPI ([1]) (%) | KPI ([2]) (%) | % cumhdach (thar iomlán na sócmhainní) ([3]) (%) | neamhchosaintí nach ndearnadh measúnú orthu (% de shócmhainní cumhdaithe) ([4]) (%) | neamhchosaintí nach ndearnadh measúnú orthu (% de shócmhainní cumhdaithe) ([4]) (%) |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Bunaithe ar láimhdeachas | Bunaithe ar CapEx | Bunaithe ar láimhdeachas | Bunaithe ar CapEx | | Bunaithe ar láimhdeachas | Bunaithe ar CapEx |
| **Príomh-KPI** | **Stoc cóimheas sócmhainne glaise (GAR)** | | | | | | | |

| | | Neamhchosaint iomlán ar ghníomhaíochtaí atá ailínithe leis an Tacsanomaíocht (airgeadra) | | KPI ([1]) (%) | KPI ([2]) (%) | % cumhdach (thar iomlán na sócmhainní) ([3]) (%) | neamhchosaintí nach ndearnadh measúnú orthu (% de shócmhainní cumhdaithe) ([4]) (%) | neamhchosaintí nach ndearnadh measúnú orthu (% de shócmhainní cumhdaithe) ([4]) (%) |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Bunaithe ar láimhdeachas | Bunaithe ar CapEx | Bunaithe ar láimhdeachas | Bunaithe ar CapEx | | Bunaithe ar láimhdeachas | Bunaithe ar CapEx |
| *KPInna breise* | *GAR (sreabhadh)* | | | | | | | |
| | *An leabhar trádála* | | | | | | | |
| | *Ráthaíochtaí airgeadais* | | | | | | | |
| | *Sócmhainní faoi bhainistiú* | | | | | | | |
| | *Ioncam ó tháillí agus ó choimisiúin* ([5]) | | | | | | | |

([1]) Bunaithe ar KPI Láimhdeachais an chontrapháirtí,
([2]) Bunaithe ar KPI CapEx an chontrapháirtí,
([3]) % de shócmhainní cumhdaithe ag KPI thar iomlán shócmhainní na mbanc,
([4]) I gcomhréir le hAirteagal 7(8) den Rialachán seo.
([5]) Ioncam ó tháillí agus ó choimisiúin ó sheirbhísí seachas iasachtú agus sócmhainní faoi bhainistíocht (AuM) .

*Nóta 1:* Sna teimpléid tuairiscithe trí chéile: níor cheart aon rud a thuairisciú sna cealla a bhfuil dath dubh orthu.

*Nóta 2:* Ní bheidh feidhm ag na KPInna maidir le Táillí agus Coimisiúin (bileog 6) agus Leabhar trádála (bileog 7) go dtí 2028.

1. **Sócmhainní chun GAR a ríomh**

| Dáta/tréimhse tagartha nochta *t* | |
|---|---|

| | Stoc/ Sreabhad (Milliún EUR) | a | b | c | d | e | f | g | h | i | j | k | l | m | n | o | p |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Miondealú de réir an chuspóra chomhshaoil | | | | | | | | | | | | |
| | | Iomlán na suime glanlu-acha [comh-láine] | Ar díobh sin incháili-the don Tacsan-omaíocht | Ar díobh sin ailínithe leis an Tacsan-omaíocht | Maolú ar an Athrú Aeráide (MAA) | Oiriúnú don Athrú Aeráide (OAA) | Uisce agus Acmhai-nní Muirí (UAM) | Geill-eagar ciorclach (GC) | Truailliú (TCR) | Bithéag-súlacht agus Éiceachó-rais (BÉ) | Ar díobh sin Úsáid Fáltas | Ar díobh sin gníomh-aíochtaí idirthréimh-seacha | Ar díobh sin gníomh-aíochtaí cumas-úcháin | Neamh-chosaintí nach ndear-nadh measúnú orthu | Ar díobh sin gníomh-aíochtaí neamhábh-artha contra-pháirtithe a mhaoini-ú [1] | Ar díobh sin neamhchos-aintí a thuairisc-íonn contra-pháirtithe maoinithe i gcomhréir le hAirt-eagal 7(9) | Ar díobh sin neamhchos-aintí nach ndearnadh measúnú orthu agus a mheasann an institiúid iad a bheith neamhábh-artha [2] |
| 1 | **GAR – Sócmhainní cumhdaithe san uimhreoir agus san ainmneoir araon** | | | | | | | | | | | | | | | | |
| 2 | **Iasachtaí agus airleacain, urrúis fiachais ionstraimí cothromais nach bhfuil incháilithe do thrádáil ardmhinicíochta le haghaidh ríomh GAR** | | | | | | | | | | | | | | | | |
| 3 | **Gnóthais airgeadais** | | | | | | | | | | | | | | | | |
| 4 | Iasachtaí agus airleacain | | | | | | | | | | | | | | | | |
| 5 | Urrúis fiachais, lena n-áirítear úsáid fáltas | | | | | | | | | | | | | | | | |
| 6 | Ionstraimí cothromais | | | | | | | | | | | | | | | | |
| 7 | **Gnóthais neamhairgeadais** | | | | | | | | | | | | | | | | |
| 8 | Iasachtaí agus airleacain | | | | | | | | | | | | | | | | |
| 9 | Urrúis fiachais, lena n-áirítear úsáid fáltas | | | | | | | | | | | | | | | | |
| 10 | Ionstraimí cothromais | | | | | | | | | | | | | | | | |

| | | a | b | c | d | e | f | g | h | i | j | k | l | m | n | o | p |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Miondealú de réir an chuspóra chomhshaoil | | | | | | | | | | | | |
| | Stoc/ Sreabhad (Milliún EUR) | Iomlán na suime glanlu-acha [comh-láine] | Ar díobh sin incháili-the don Tacsan-omaíocht | Ar díobh sin ailínithe leis an Tacsan-omaíocht | Maolú ar an Athrú Aeráide (MAA) | Oiriúnú don Athrú Aeráide (OAA) | Uisce agus Acmhai-nní Muirí (UAM) | Geill-eagar ciorclach (GC) | Truailliú (TCR) | Bithéag-súlacht agus Éiceachó-rais (BÉ) | Ar díobh sin Úsáid Fáltas | Ar díobh sin gníomh-aíochtaí idirthréimh-seacha | Ar díobh sin gníomh-aíochtaí cumas-úcháin | Neamh-chosaintí nach ndear-nadh measúnú orthu | Ar díobh sin gníomh-aíochtaí neamhábh-artha contra-pháirtithe a mhaoini-ú (1) | Ar díobh sin neamhchos-aintí a thuairisc-íonn contra-pháirtithe maoinithe i gcomhréir le hAirt-eagal 7(9) | Ar díobh sin neamhchos-aintí nach ndearnadh measúnú orthu agus a mheasann an institiúid iad a bheith neamhábh-artha (2) |
| 11 | **Teaghlaigh** | | | | | | | | | | | | | | | | |
| 12 | lena n-áirítear iasachtaí atá comhthaobhaithe le maoin chónaithe dhochorraithe | | | | | | | | | | | | | | | | |
| 13 | lena n-áirítear iasachtaí athchóirithe foirgneamh | | | | | | | | | | | | | | | | |
| 14 | lena n-áirítear iasachtaí mótarfheithicle | | | | | | | | | | | | | | | | |
| 15 | **Maoiniú ó rialtais áitiúla** | | | | | | | | | | | | | | | | |
| 16 | Maoiniú tithíochta | | | | | | | | | | | | | | | | |
| 17 | Maoiniú eile ó rialtais áitiúla | | | | | | | | | | | | | | | | |
| 18 | **Comhthaobhacht arna fáil trí sheilbh a ghlacadh: maoin chónaithe agus tráchtála dhochorraithe** | | | | | | | | | | | | | | | | |
| 19 | **Neamhchoasintí a áirítear ar bhonn deonach** (3) | | | | | | | | | | | | | | | | |
| 20 | **Iomlán na sócmhainní GAR** | | | | | | | | | | | | | | | | |

| | Stoc/ Sreabhad (Milliún EUR) | a | b | c | d | e | f | g | h | i | j | k | l | m | n | o | p |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Miondealú de réir an chuspóra chomhshaoil | | | | | | | | | | | | |
| | | Iomlán na suime glanluacha [comhláine] | Ar díobh sin incháilithe don Tacsanomaíocht | Ar díobh sin ailínithe leis an Tacsanomaíocht | Maolú ar an Athrú Aeráide (MAA) | Oiriúnú don Athrú Aeráide (OAA) | Uisce agus Acmhainní Muirí (UAM) | Geilleagar ciorclach (GC) | Truailliú (TCR) | Bithéagsúlacht agus Éiceachórais (BÉ) | Ar díobh sin Úsáid Fáltas | Ar díobh sin gníomhaíochtaí idirthréimhseacha | Ar díobh sin gníomhaíochtaí cumasúcháin | Neamhchosaintí nach ndearnadh measúnú orthu | Ar díobh sin gníomhaíochtaí neamhábhartha contrapháirtithe a mhaoiniú ([1]) | Ar díobh sin neamhchosaintí a thuairiscíonn contrapháirtithe maoinithe i gcomhréir le hAirteagal 7(9) | Ar díobh sin neamhchosaintí nach ndearnadh measúnú orthu agus a mheasann an institiúid iad a bheith neamhábhartha ([2]) |
| 21 | **Sócmhainní nach bhfuil cumhdaithe le haghaidh ríomh GAR** | | | | | | | | | | | | | | | | |
| 22 | **Rialtais láir agus eisitheoirí fornáisiúnta** | | | | | | | | | | | | | | | | |
| 23 | **Neamhchosaint ar bhanc ceannais** | | | | | | | | | | | | | | | | |
| 24 | **An leabhar trádála** | | | | | | | | | | | | | | | | |
| 25 | **Gnóthais agus eintitis nach bhfuil faoi réir TTCI** | | | | | | | | | | | | | | | | |
| 26 | FBManna agus gnóthais (seachas FBManna) nach bhfuil faoi réir oibleagáidí nochta TTCI | | | | | | | | | | | | | | | | |
| 27 | Iasachtaí agus airleacain | | | | | | | | | | | | | | | | |
| 28 | lena n-áirítear iasachtaí atá comhthaobhaithe le maoin tráchtála dhochorraithe | | | | | | | | | | | | | | | | |
| 29 | lena n-áirítear iasachtaí athchóirithe foirgneamh | | | | | | | | | | | | | | | | |

| | Stoc/ Sreabhad (Milliún EUR) | a | b | c | d | e | f | g | h | i | j | k | l | m | n | o | p |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Miondealú de réir an chuspóra chomhshaoil | | | | | | | | | | | | |
| | | Iomlán na suime glanluacha [comhláine] | Ar díobh sin incháilithe don Tacsanomaíocht | Ar díobh sin ailínithe leis an Tacsanomaíocht | Maolú ar an Athrú Aeráide (MAA) | Oiriúnú don Athrú Aeráide (OAA) | Uisce agus Acmhainní Muirí (UAM) | Geilleagar ciorclach (GC) | Truailliú (TCR) | Bithéagsúlacht agus Éiceachórais (BÉ) | Ar díobh sin Úsáid Fáltas | Ar díobh sin gníomhaíochtaí idirthréimhseacha | Ar díobh sin gníomhaíochtaí cumasúcháin | Neamhchosaintí nach ndearnadh measúnú orthu | Ar díobh sin gníomhaíochtaí neamhábhartha contrapháirtithe a mhaoiniú ([1]) | Ar díobh sin neamhchosaintí a thuairiscíonn contrapháirtithe maoinithe i gcomhréir le hAirteagal 7(9) | Ar díobh sin neamhchosaintí nach ndearnadh measúnú orthu agus a mheasann an institiúid iad a bheith neamhábhartha ([2]) |
| 30 | Urrúis fiachais | | | | | | | | | | | | | | | | |
| 31 | Ionstraimí cothromais | | | | | | | | | | | | | | | | |
| 32 | Contrapháirtithe thíortha neamh-AE nach bhfuil faoi réir oibleagáidí nochta CSRD | | | | | | | | | | | | | | | | |
| 33 | Iasachtaí agus airleacain | | | | | | | | | | | | | | | | |
| 34 | Urrúis fiachais | | | | | | | | | | | | | | | | |
| 35 | Ionstraimí cothromais | | | | | | | | | | | | | | | | |
| 36 | **Díorthaigh** | | | | | | | | | | | | | | | | |
| 37 | **Iasachtaí idirbhainc ar éileamh** | | | | | | | | | | | | | | | | |
| 38 | **Airgead agus sócmhainní a bhaineann le hairgead** | | | | | | | | | | | | | | | | |
| 39 | **Catagóirí eile sócmhainní (e.g. Cáilmheas, tráchtearraí, etc.)** | | | | | | | | | | | | | | | | |
| 40 | **Iomlán sócmhainní** | | | | | | | | | | | | | | | | |
| **Neamhchosaintí lasmuigh den chlár comhardaithe (stoc) ar Ghnóthais atá faoi réir oibleagáidí nochta CSRD agus rialtais áitiúla** | | | | | | | | | | | | | | | | | |

| | Stoc/ Sreabhad (Milliún EUR) | a | b | c | d | e | f | g | h | i | j | k | l | m | n | o | p |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Miondealú de réir an chuspóra chomhshaoil | | | | | | | | | | | | |
| | | Iomlán na suime glanluacha [comhláine] | Ar díobh sin incháilithe don Tacsanomaíocht | Ar díobh sin ailínithe leis an Tacsanomaíocht | Maolú ar an Athrú Aeráide (MAA) | Oiriúnú don Athrú Aeráide (OAA) | Uisce agus Acmhainní Muirí (UAM) | Geilleagar ciorclach (GC) | Truailliú (TCR) | Bithéagsúlacht agus Éiceachórais (BÉ) | Ar díobh sin Úsáid Fáltas | Ar díobh sin gníomhaíochtaí idirthréimhseacha | Ar díobh sin gníomhaíochtaí cumasúcháin | Neamhchosaintí nach ndearnadh measúnú orthu | Ar díobh sin gníomhaíochtaí neamhábhartha contrapháirtithe a mhaoiniú [1] | Ar díobh sin neamhchosaintí a thuairiscíonn contrapháirtithe maoinithe i gcomhréir le hAirteagal 7(9) | Ar díobh sin neamhchosaintí nach ndearnadh measúnú orthu agus a mheasann an institiúid iad a bheith neamhábhartha [2] |
| 41 | Ráthaíochtaí airgeadais | | | | | | | | | | | | | | | | |
| 42 | Sócmhainní faoi bhainistiú | | | | | | | | | | | | | | | | |
| 43 | Lena n-áirítear urrúis fiachais | | | | | | | | | | | | | | | | |
| 44 | Lena n-áirítear ionstraimí cothromais | | | | | | | | | | | | | | | | |

([1]) I gcomhréir le hAirteagal 7(8)(a) agus (b) den Rialachán seo.
([2]) I gcomhréir le hAirteagal 4(1a) den Rialachán seo.
([3]) I gcomhréir le hAirteagal 7(3) den Rialachán seo.

*Nótaí míniúcháin:*

1. Ba cheart na catagóirí cuntasaíochta a leanas de shócmhainní airgeadais a bhreithniú: Sócmhainní airgeadais ag costas amúchta, sócmhainní airgeadais ar luach cóir trí ioncam cuimsitheach eile, infheistíochtaí i bhfochuideachtaí, comhfhiontair agus comhlaigh, sócmhainní airgeadais atá ainmnithe ar luach cóir trí bhrabús nó caillteanas agus sócmhainní airgeadais neamhthrádála ar luach cóir go héigeantach trí bhrabús nó caillteanas, agus comhthaobhacht réadmhaoine arna bhfáil ag institiúidí creidmheasa trí sheilbh a ghlacadh mar mhalartú ar chealú fiachas.

2. Déanfaidh institiúidí creidmheasa an teimpléad seo a dhúbailt chun tuairisciú a dhéanamh ar stoic chun stoc GAR a ríomh, agus chun tuairisciú a dhéanamh ar shócmhainní nua chun sreabhadh GAR a ríomh.

3. Cóipeálfaidh institiúidí creidmheasa an teimpléad seo le haghaidh nochtadh bunaithe ar láimhdeachas agus nochtadh bunaithe ar CapEx.

2. **Faisnéis earnála GAR**

| Dáta/tréimhse tagartha nochta *t* | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| a | | b | c | d | e | f | g | h | i | j |
| Miondealú de réir earnála — leibhéal 4 dhigit NAC (cód agus lipéad (Milliún EUR) | | [Oll-]luach iomlán de réir na leabhar | Ar díobh sin incháilithe don Tacsan-omaíocht | Ar díobh sin ailínithe leis an Tacsan-omaíocht | Maolú ar an Athrú Aeráide (MAA) | Oiriúnú don Athrú Aeráide (OAA) | Uisce agus Acmhainní Muirí (UAM) | Geilleagar ciorclach (GC) | Truailliú (TCR) | Bithéagsúlacht agus Éiceachórais (BÉ) |
| 1 | | | | | | | | | | |
| 2 | | | | | | | | | | |
| 3 | | | | | | | | | | |
| … | | | | | | | | | | |
| 10 | | | | | | | | | | |
| 11 | Gníomhaíochtaí núicléacha ([1]) | | | | | | | | | |
| 12 | Gníomhaíochtaí gáis iontaise ([2]) | | | | | | | | | |
| 13 | Ar díobh sin neamhchosaintí nach ndearnadh measúnú orthu ([3]) | | | | | | | | | |

([1]) dá dtagraítear i Ranna 4.26, 4,27, agus 4.28 d’Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2139.
([2]) Dá dtagraítear i Ranna 4.29, 4,30, agus 4.31 d’Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2139.
([3]) I gcomhréir le hAirteagal 7(8) den Rialachán seo.

*Nótaí míniúcháin:*

1. Nochtfaidh institiúidí creidmheasa sa teimpléad seo faisnéis maidir leis na deich neamhchosaint is tábhachtaí sa leabhar baincéireachta i dtreo na ndeich n-earnáil is tábhachtaí sin a chumhdaíonn an Tacsanomaíocht (ceithre leibhéal sonraí de chuid earnálacha NACE), ag úsáid Chóid NACE ábhartha ar bhonn phríomhghníomhaíocht an chontrapháirtí.

2. Bunófar an leithdháileadh d’earnáil chontrapháirtithe NACE go heisiach ar chineál an chontrapháirtí láithrigh. Aicmeofar na neamhchosaintí arna dtabhú go comhpháirteach ag níos mó ná aon fhéichiúnaí amháin ar bhonn thréithe an fhéichiúnaí a bhí níos ábhartha, nó níos cinntithí, don institiúid chun an neamhchosaint a dheonú. Bunófar dáileadh na neamhchosaintí a thabhófar go comhpháirteach le cóid NACE ar shaintréithe an fhéichiúnaí is ábhartha, nó is cinntithí. Nochtfaidh institiúidí faisnéis de réir chóid NACE leis an leibhéal dí-chomhiomlánaithe a éilítear sa teimpléad.

3. Cóipeálfaidh institiúidí creidmheasa an teimpléad seo le haghaidh nochtadh bunaithe ar láimhdeachas agus nochtadh bunaithe ar CapEx.

3. **Stoc KPI GAR**

| An dáta tagartha maidir le nochtadh *t* | |
|---|---|

| | | a | b | c | d | e | f | g | h | i | j | k | l | m |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | % (i gcomparáid le hiomlán na sócmhainní cumhdaithe comhfhreagracha san ainmneoir) | Incháilithe don Tacsan-omaíocht | Ailínithe leis an Tacsan-omaíocht | Miondealú de réir an chuspóra chomhshaoil | | | | | | Ar díobh sin Úsáid Fáltas | Ar díobh sin gníomh-aíochtaí idirthréimh-seacha | Ar díobh sin gníomh-aíochtaí cumas-úcháin | Cion atá ailínithe leis an Tacsan-omaíocht sa mhéid atá incháili-the don Tacsan-omaíocht | Neamh-chosaintí nach ndear-nadh measúnú orthu ([1]) |
| | | | | Maolú ar an Athrú Aeráide (MAA) | Oiriúnú don Athrú Aeráide (OAA) | Uisce agus Acmhai-nní Muirí (UAM) | Geill-eagar cior-clach (GC) | Truailliú (TCR) | Bithéag-súlacht agus Éiceachó-rais (BÉ) | | | | | |
| 1 | **GAR – Sócmhainní cumhdaithe san uimhreoir agus san ainmneoir araon** | | | | | | | | | | | | | |
| 2 | **Iasachtaí agus airleacain, urrúis fiachais ionstraimí cothromais nach bhfuil incháilithe do thrádáil ardmhinicíochta le haghaidh ríomh GAR** | | | | | | | | | | | | | |
| 3 | **Gnóthais airgeadais** | | | | | | | | | | | | | |
| 4 | Iasachtaí agus airleacain | | | | | | | | | | | | | |
| 5 | Urrúis fiachais, lena n-áirítear úsáid fáltas | | | | | | | | | | | | | |
| 6 | Ionstraimí cothromais | | | | | | | | | | | | | |
| 7 | **Gnóthais neamhairgeadais** | | | | | | | | | | | | | |
| 8 | Iasachtaí agus airleacain | | | | | | | | | | | | | |
| 9 | Urrúis fiachais, lena n-áirítear úsáid fáltas | | | | | | | | | | | | | |
| 10 | Ionstraimí cothromais | | | | | | | | | | | | | |
| 11 | **Teaghlaigh** | | | | | | | | | | | | | |
| 12 | lena n-áirítear iasachtaí atá comhthaobhaithe le maoin chónaithe dhochorraithe | | | | | | | | | | | | | |
| 13 | lena n-áirítear iasachtaí athchóirithe foirgneamh | | | | | | | | | | | | | |

| | | a | b | c | d | e | f | g | h | i | j | k | l | m |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| % (i gcomparáid le hiomlán na sócmhainní cumhdaithe comhfhreagracha san ainmneoir) | | Incháilithe don Tacsanomaíocht | Ailínithe leis an Tacsanomaíocht | Miondealú de réir an chuspóra chomhshaoil | | | | | | Ar díobh sin Úsáid Fáltas | Ar díobh sin gníomhaíochtaí idirthréimhseacha | Ar díobh sin gníomhaíochtaí cumasúcháin | Cion atá ailínithe leis an Tacsanomaíocht sa mhéid atá incháilithe don Tacsanomaíocht | Neamhchosaintí nach ndearnadh measúnú orthu ([1]) |
| | | | | Maolú ar an Athrú Aeráide (MAA) | Oiriúnú don Athrú Aeráide (OAA) | Uisce agus Acmhainní Muirí (UAM) | Geilleagar ciorclach (GC) | Truailliú (TCR) | Bithéagsúlacht agus Éiceachórais (BÉ) | | | | | |
| 14 | lena n-áirítear iasachtaí mótarfheithicle | | | | | | | | | | | | | |
| 15 | **Maoiniú ó rialtais áitiúla** | | | | | | | | | | | | | |
| 16 | Maoiniú tithíochta | | | | | | | | | | | | | |
| 17 | Maoiniú eile ó rialtais áitiúla | | | | | | | | | | | | | |
| 18 | **Comhthaobhacht arna fáil trí sheilbh a ghlacadh: maoin chónaithe agus tráchtála dhochorraithe** | | | | | | | | | | | | | |
| 19 | **Neamhchoasintí a áirítear ar bhonn deonach** ([2]) | | | | | | | | | | | | | |
| 20 | **GAR - Iomlán na sócmhainní GAR** | | | | | | | | | | | | | |

([1]) I gcomhréir le hAirteagal 7(8) den Rialachán seo.
([2]) I gcomhréir le hAirteagal 7(3) den Rialachán seo.

*Nótaí míniúcháin:*

1. Nochtfaidh an institiúid sa teimpléad seo na KPInna GAR ar stoc neamhchosaintí arna ríomh bunaithe ar na sonraí a nochtar i dteimpléad 1, maidir le sócmhainní cumhdaithe.

2. Cóipeálfaidh institiúidí creidmheasa an teimpléad seo le haghaidh nochtadh bunaithe ar láimhdeachas agus nochtadh bunaithe ar CapEx.

4. **Sreabhadh KPI GAR**

| Tréimhse tagartha nochta *t* | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | a | b | c | d | e | f | g | h | i | j | k | l | m |
| % (i gcomparáid le hiomlán na sócmhainní cumhdaithe comhfhreagracha san ainmneoir) | | Incháilithe don Tacsanomaíocht | Ailínithe leis an Tacsanomaíocht | Miondealú de réir an chuspóra chomhshaoil | | | | | | Ar díobh sin Úsáid Fáltas | Ar díobh sin gníomhaíochtaí idirthréimhseacha | Ar díobh sin gníomhaíochtaí cumasúcháin | Cion atá ailínithe leis an Tacsanomaíocht sa mhéid atá incháilithe don Tacsanomaíocht | Neamhchosaintí nach ndearnadh measúnú orthu ([1]) |
| | | | | Maolú ar an Athrú Aeráide (MAA) | Oiriúnú don Athrú Aeráide (OAA) | Uisce agus Acmhainní Muirí (UAM) | Geilleagar ciorclach (GC) | Truailliú (TCR) | Bithéagsúlacht agus Éiceachórais (BÉ) | | | | | |
| 1 | **GAR – Sócmhainní cumhdaithe san uimhreoir agus san ainmneoir araon** | | | | | | | | | | | | | |
| 2 | **Iasachtaí agus airleacain, urrúis fiachais ionstraimí cothromais nach bhfuil incháilithe do thrádáil ardmhinicíochta le haghaidh ríomh GAR** | | | | | | | | | | | | | |
| 3 | **Gnóthais airgeadais** | | | | | | | | | | | | | |
| 4 | Iasachtaí agus airleacain | | | | | | | | | | | | | |
| 5 | Urrúis fiachais, lena n-áirítear úsáid fáltas | | | | | | | | | | | | | |
| 6 | Ionstraimí cothromais | | | | | | | | | | | | | |
| 7 | **Gnóthais neamhairgeadais** | | | | | | | | | | | | | |
| 8 | Iasachtaí agus airleacain | | | | | | | | | | | | | |
| 9 | Urrúis fiachais, lena n-áirítear úsáid fáltas | | | | | | | | | | | | | |
| 10 | Ionstraimí cothromais | | | | | | | | | | | | | |
| 11 | **Teaghlaigh** | | | | | | | | | | | | | |
| 12 | lena n-áirítear iasachtaí atá comhthaobhaithe le maoin chónaithe dhochorraithe | | | | | | | | | | | | | |
| 13 | lena n-áirítear iasachtaí athchóirithe foirgneamh | | | | | | | | | | | | | |

| | | a | b | c | d | e | f | g | h | i | j | k | l | m |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
